


Gníomhaíocht Daltaí: Feidhmeanna den fhoirm $f(x) = ax + b$

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ' $f(x) = ax+b$ ', ar CD an Dalta.



1. Faigh ón gcomhad idirghníomhach an áit a ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = x + 3$ an y-ais.

2. Faigh ón gcomhad idirghníomhach an áit a ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 2x + 4$ an y-ais.

3. Faigh ón gcomhad idirghníomhach an áit a ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 3x + 2$ an y-ais.

4. Faigh ón gcomhad idirghníomhach an áit a ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = ax + b$ an y-ais. Mínigh do fhreagra.

5. Socraigh sleamhnóir idirghníomhach a ag 2 agus sleamhnóir b ag 3.
 - a. Bog an pointe A sa chomhad idirghníomhach agus féach an bhfuil an pointe (1, 5) ar an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 2x + 3$.

 - b. Bog an pointe B sa chomhad idirghníomhach agus féach an bhfuil an pointe (2, 7) ar an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 2x + 3$.

 - c. Faigh fána na líne ar a bhfuil na pointí (1, 5) agus (2, 7).

- d. Cá háit san fheidhm $f(x) = 2x + 3$ a bhfaighidh tú luach na fána a d'oibrigh tú amach sa cheist roimhe seo?
-

6. Socraigh sleamhnóir idirghníomhach a ag 3 agus sleamhnóir b ag 4.

- a. Bog an pointe A sa chomhad idirghníomhach agus féach an bhfuil an pointe $(0, 4)$ ar an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 3x + 4$.
-

- b. Bog an pointe B sa chomhad idirghníomhach agus féach an bhfuil an pointe $(1, 7)$ ar an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 3x + 4$.
-

- c. Faigh fána na líne ar a bhfuil na pointi $(0, 4)$ agus $(1, 7)$.
-

- d. Cá háit san fheidhm $f(x) = 3x + 4$ a bhfaighidh tú luach na fána a d'oibrigh tú amach sa cheist roimhe seo?
-

7. Céard is féidir leat a rá ón gcomhad idirghníomhach faoi fhána na líne a sheasann don fheidhm $f(x) = ax + b$? Mínigh.
-


8. Cá ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 2x + 4$ an x -ais, agus céard é fána na líne sin?
-

9. Cá ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = 5x + 1$ an x -ais, agus céard é fána na líne sin?
-


10. Cá ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = -\frac{1}{2}x + 4$ an x -ais, agus céard é fána na líne sin?
-

11. Cá ngearrann an líne a sheasann don fheidhm $f(x) = -3x + \frac{3}{4}$ an x -ais, agus céard é fána na líne sin?
-


12. Cén fheidhm atá á léiriú ag an líne sa ghraf seo?



13. Cén fheidhm atá á léiriú ag an líne sa ghraf seo?





14. Cén fheidhm atá á léiriú ag an líne sa ghraf seo?




15. Meaitseáil gach scéal díobh seo leis an ngraf a fheileann dó:

- Cheannaigh garraíodóir crann 1 mhéadar ar airde, agus d'fhás an crann 2 mhéadar gach bliain.
- Gearrann carrchlós táille isteach €1, agus €2 san uair ina dhiaidh sin.
- Gearrann páirc siamsaíochta táille €3 san uair.
- Bhí €50 ag déagóir agus chaith sé €5 sa tseachtain.





16. Scríobh scéal a d'fheilfeadh don ghráf thíos.



17. Scríobh scéal a d'fheilfeadh don ghráf thíos.

